AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.1.2025
COM(2025) 17 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN

Tuarascáil 2024 maidir le fóirdheontais fuinnimh san Aontas Eorpach

1. RÉAMHRÁ

Tá beartas fuinnimh ríthábhachtach d'iomaíochas agus do shlándáil na hEorpa, chun an geilleagar a dhícharbónú, chun dul i ngleic leis an athrú aeráide, agus chun sprioc an Aontais maidir le haeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. Faoin gComhaontú Glas don Eoraip, tá creat beartais fuinnimh atá uaillmhianach curtha i bhfeidhm ag an Aontas, rud a léiríonn go bhfuil táirgeadh agus úsáid fuinnimh i gceist le 75 % d'astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) ([1]). In 2023 agus 2024 rinne an Coimisiún comhdhlúthú ar an gcreat beartais is gá chun gealltanais idirnáisiúnta an Aontais agus spriocanna fuinnimh agus aeráide an Aontais a bhaint amach. Trí theacht ar chomhaontuithe polaitiúla maidir le beagnach gach príomhchomhad reachtach sa Phacáiste 'Oiriúnach do 55', tá bealach soiléir réitithe ag an Aontas Eorpach i dtreo a spriocanna do 2030.

Tá ról fíor-riachtanach ag fóirdheontais fuinnimh san aistriú fuinnimh: má tá siad dea-dheartha, is féidir leis na dreasachtaí sin dlús a chur le forbairt agus cur in úsáid réiteach fuinnimh ghlain agus rannchuidiú le críocha eacnamaíocha, comhshaoil nó leasa shóisialta. Mura ndeartar go maith iad, is féidir le fóirdheontais gníomhú in aghaidh an aistrithe fuinnimh, dreasachtaí le haghaidh úsáid fuinnimh a athrú tríd an gcomhartha faoi phraghas an charbóin a laghdú agus a bheith ina n-ualach ar an airgeadas poiblí. I ndeireadh na dála, ní mór deireadh a chur de réir a chéile le gach fóirdheontas breosla iontaise nó iad a athchóiriú chun an leibhéal tacaíochta is gá a choinneáil ar bun gan cuspóirí aeráide an Aontais a chur i mbaol.

Mar gheall ar an ngéarchéim fuinnimh a thosaigh in 2021, agus a d'éirigh níos measa de dheasca chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine in 2022, bhí iarmhairtí nach beag ar bheartas fuinnimh na hEorpa agus, dá réir sin, ar fhóirdheontais fuinnimh. Bhí tionchar na géarchéime fós le brath in 2023, rud atá le feiceáil san athrú a tháinig ar mhéid iomlán na bhfóirdheontas fuinnimh; i ndáileadh na bhfóirdheontas sin ar thairbhithe, ar fhoinsí fuinnimh agus ar theicneolaíochtaí; agus, ar deireadh, sna hionstraimí a úsáidtear chun na fóirdheontais sin a sholáthar.

Deimhnítear sa tuarascáil bhliantúil reatha, an séú tuarascáil bhliantúil, lena ndéantar faireachán ar fhóirdheontais fuinnimh agus ar an dul chun cinn i dtreo deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais breosla iontaise ([2]) go raibh fóirdheontais fuinnimh cobhsaí go dtí 2021, gur tháinig méadú mór orthu in 2022 tar éis na géarchéime fuinnimh, agus gur tháinig laghdú measartha orthu ansin in 2023. Tháinig méadú ar *fhóirdheontais fuinnimh iomlána* san Aontas ó EUR 213 bhilliún in 2021 go EUR 397 mbilliún in 2022 agus tháinig laghdú 10 % air go EUR 354 bhilliún in 2023.

Meastar gur EUR 145 bhilliún in 2023 (laghdú ó EUR 187 mbilliún in 2022) a bhí i bhfóirdheontais fuinnimh atá nasctha le *bearta géarchéime náisiúnta* chun tomhaltóirí an Aontais a chosaint ar na praghsanna arda. Ar fud an Aontais, cruthaíodh 270 beart náisiúnta ar a laghad chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim na bpraghsanna fuinnimh. Ba theaghlaigh príomhthairbhithe díreacha na mbeart géarchéime sin (a fuair EUR 121 bhilliún in 2021-2023), agus ina dhiaidh sin tionscal agus an earnáil iompair

([1]) Foinse: Fuinneamh agus an Comhaontú Glas

([2]) Airteagal 35, pointe n den Rialachán maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh (2018/1999/AE), ('an Rialachán maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide'):

(EUR 30 billiún agus 28 mbilliún, faoi seach, le linn na tréimhse céanna). Shroich tacaíocht trasearnála do gach tomhaltóir fuinnimh EUR 125 bhilliún sa tréimhse chéanna.

Tháinig méadú ar *fhóirdheontais breosla iontaise* ó EUR 60 billiún in 2021 go EUR 136 bhilliún in 2022 mar fhreagairt ar an ngéarchéim, agus ansin tháinig laghdú orthu go EUR 111 bhilliún in 2023 ([3]). Tháinig laghdú ar fhóirdheontais fuinnimh in-athnuaite in 2021 go EUR 83 bhilliún – an chéad laghdú ó 2015 – agus a thuilleadh go EUR 68 mbilliún in 2022 agus EUR 61 bhilliún in 2023. Tharla an laghdú go príomha mar gheall ar phraghsanna arda ar an margadh leictreachais mórdhíola a chuir laghdú ar mhéideanna na bhfóirdheontas a íocadh faoi ionstraimí tacaíochta dinimiciúla margadhbhunaithe de réir mar a d'éirigh foinsí in-athnuaite níos iomaíche, rud a léiríonn an ról atá acu maidir le praghsanna fuinnimh a ísliú. Tháinig méadú ar an tacaíocht do bhearta *éifeachtúlachta fuinnimh*, athchóirithe fuinnimh ar fhoirgnimh mar shampla, ó EUR 23 bhilliún in 2021 go EUR 34 bhilliún faoi 2022 agus go EUR 44 bhilliún in 2023, rud a chuidigh le billí fuinnimh a laghdú. Bhí formhór mór na bhfóirdheontas fuinnimh (EUR 247 mbilliún in 2022 agus EUR 213 bhilliún in 2023) fós tiomnaithe do thacaíocht don tomhaltas fuinnimh.

In 2023, meastar gurb é EUR 136 bhilliún, 38 % de na fóirdheontais fuinnimh iomlána, méid iomlán na bhfóirdheontas fuinnimh atá díobhálach don chomhshaol *([4])* in AE-27. Tá an sciar is mó d'fhóirdheontais dhíobhálacha (EUR 93 bhilliún nó 68 %) nasctha le breoslaí iontaise agus dá gcuirfí deireadh de réir a chéile leis na fóirdheontais sin, shaorfaí acmhainní poiblí tábhachtacha, a d'fhéadfaí a úsáid chun slándáil fuinnimh na hEorpa a neartú, easnaimh rialtais a laghdú agus luas an aistrithe i dtreo fuinneamh glan a mhéadú. Mar sin féin, ag féachaint ar phleananna chun deireadh a chur leis na fóirdheontais sin de réir a chéile, tá sé beartaithe go dtiocfaidh deireadh le níos lú ná leath (43 % nó EUR 48 mbilliún) d'fhóirdheontais breosla iontaise roimh 2025, tá sé beartaithe go dtiocfaidh deireadh le 9 % eile (EUR 10 mbilliún) idir 2026 agus 2030, agus maidir leis an 48 % eile (EUR 53 bhilliún), níl aon dáta deiridh ann nó tá sé socraithe gur tar éis na bliana 2030 a tharlóidh sé.

Nóta maidir leis an modheolaíocht

Braitear sa tuarascáil seo ar shonraí ó staidéar seachtrach arna dhéanamh don Choimisiún. Tá an tuarascáil agus an staidéar bunaithe ar chur chuige fardail ón mbun aníos, ag brath ar fhaisnéis ó dhoiciméid agus ó thuarascálacha buiséid náisiúnta. Comhiomlánaíodh sonraí fóirdheontais náisiúnta ar leibhéal AE27 agus forlíonadh iad le sonraí ó fhoinsí aitheanta amhail institiúidí Eorpacha nó idirnáisiúnta agus bunachair sonraí speisialaithe. Mura raibh sonraí 2023 ar fáil go hiomlán nó mura raibh siad bailíochtaithe, úsáideadh sonraí 2022 mar mheastachán. Mar a bhí in eagráin roimhe seo, tugadh deis do na Ballstáit aiseolas a thabhairt ar na sonraí a úsáideadh don staidéar.

Leis an bhfardal beart fóirdheontais fuinnimh, soláthraítear faisnéis iontaofa maidir le tionchar fioscach na n-aistrithe buiséadacha díreacha le haghaidh úsáid agus táirgeadh fuinnimh, agus tá gá leis chun trédhearcacht maidir le beartais phoiblí a chur chun cinn agus chun cuidiú le bearta sonracha tacaíochta le haghaidh athchóiriú a shainaithint. D'fhéadfadh sé nach mbeadh méideanna fóirdheontais beart áirithe, amhail iad siúd atá bunaithe ar mheastacháin ar ioncam arna tharscaoileadh, inchomparáide ar fud tíortha mar

([3]) Áirítear leis na figiúirí sin caiteachas cánach nach féidir a chur i gcomparáid go díreach ar fud na dtíortha.

([4]) Féach Roinn *2.5* le haghaidh an tsainmhínithe.

gheall ar chineálacha cur chuige tírshonracha maidir le córais chánach thagarmhairc. Mar sin féin, léiríonn siad go hiomchuí costais fhioscacha na mbeart fóirdheontais.


Braitheann an measúnú ar bhearta cánach ar na rátaí cánach bonnlíne is infheidhme i ngach tír. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh leibhéil i bhfad níos airde fóirdheontas fuinnimh a bheith ag tír ag a bhfuil cánacha 'bonnlíne' níos airde ach díolúintí móra ó cháin, chomh maith le rátaí cánach fuinnimh níos airde ar an iomlán ná tír ag a bhfuil rátaí cánach níos ísle agus níos lú díolúintí nó nach bhfuil aon díolúine aici. Dá réir sin, níl an cur chuige tomhais seanbhunaithe idirnáisiúnta sin, lena ndírítear ar chostas fioscach na bhfóirdheontas, chomh hoiriúnach céanna chun comparáid a dhéanamh idir tionchair chomhshaoil, aeráide agus fuinnimh na bhfóirdheontas cáinbhunaithe idir tíortha. Tá gá le tuilleadh oibre chun anailís a dhéanamh ar rátaí cánach éifeachtacha ar úsáid fuinnimh agus ar astaíochtaí carbóin, rud a d'fhéadfadh an cur chuige fardail maidir le bearta a bhaineann le cáin a chomhlánú ar bhealach úsáideach.

Ina theannta sin, ní chumhdaítear fóirdheontais intuigthe (amhail gan praghas carbóin ná cánacha a fhorchur ar bhreoslaí) mar gheall ar fhadhbanna modheolaíochta atá bainteach le heaspa measúnú láidir, iontaofa agus inchomparáide ar thionchair dhiúltacha shóisialta agus ar thionchair nach mbaineann leis an aeráid atá bainteach le fóirdheontais.

2. TREOCHTAÍ MAIDIR LE FÓIRDHEONTAIS FUINNIMH SAN AONTAS

Tháinig méadú ar mhéid iomlán na bhfóirdheontas fuinnimh in AE-27 ó EUR 213 bhilliún in 2021 go EUR 397 mbilliún in 2022 agus tháinig laghdú 10 % air ansin go EUR 354 bhilliún ([5])faoi 2023 (Figure 1).

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go raibh géarchéim na bpraghsanna fuinnimh go mór chun tosaigh sna blianta 2021-2023. Bhí brú aníos ar phraghsanna fuinnimh domhanda agus Eorpacha mar a bhí mar gheall ar an téarnamh eacnamaíoch iar-COVID in 2021 agus bhí an chéad mhéadú ar fhóirdheontais ann mar thoradh air, a mhéadaigh faoi dhó ina dhiaidh sin ó EUR 199 mbilliún in 2020 mar gheall ar thionchar na mbeart éigeandála a rinne na Ballstáit. Léiríonn sonraí 2023 gur tháinig laghdú ar fhóirdheontais fuinnimh toisc go ndeachaigh cuid de na bearta srianta praghsanna in éag nó gur tarraingíodh siar iad. I dtéarmaí coibhneasta, tháinig méadú ar fhóirdheontais fuinnimh ó 1,3 % de OTI an Aontais in 2021 go 2,37 % faoi 2022 agus 2,1 % in 2023 (an scála ar dheis ar Figure 1).



Fíor 1: Fóirdheontais fuinnimh iomlána in AE-27 (EUR$_{2023}$ billiún, ar chlé,% de OTI an Aontais, ar dheis)

Foinse: Enerdata, Trinomics, 2024. NB: Léirítear meastacháin 2023 le haisteáil ([6])

In 2023, tháinig laghdú ar na fóirdheontais uile a soláthraíodh do *bhreoslaí iontaise, d'fhoinsí in-athnuaite* agus *do leictreachas* ([7]), go 111 bhilliún (-25 %), 61 bhilliún (-8 %) agus EUR 51 bhilliún (-26 %), faoi seach, i gcomparáid le 2022. Níor lean ach fóirdheontais a leithdháiltear ar *gach fuinneamh ([8])* lena méadú go EUR 126 bhilliún (+ 13 %), toisc go raibh feidhm fós ag cuid de na bearta srianta costais a chuir na Ballstáit chun feidhme maidir le dhá iompróir fuinnimh nó níos mó.

34 % d'fhóirdheontais fuinnimh iomlána in 2023 a bhí i gceist le fóirdheontais breosla iontaise, cosúil le tacaíocht do *na foinsí fuinnimh uile (31 %)* (Figure 2ag an mbun). Ní

([5]) Sa tuarascáil seo, sloinntear na figiúirí uile ina EUR 2023 billiún. Mar gheall ar choigeartuithe sonraí agus an t-athrú ar an mbonn airgeadaíochta, d'fhéadfadh na méideanna iomlána sa tuarascáil seo a bheith éagsúil le tuarascáil 2023 maidir le fóirdheontas fuinnimh.

([6]) B'ionann na sonraí faoin gcatagóir 'Le deimhniú' agus 8 % den mhéid foriomlán a áiríodh san fhardal Fóirdheontas don bhliain 2023.

([7]) I gcásanna áirithe, ní féidir fóirdheontais a thugtar do thomhaltas fuinnimh a dheighilt de réir na foinse giniúna (giniúint iontaise, núicléach nó in-athnuaite), agus dá bhrí sin léirítear sa chairt seo fóirdheontais leictreachais (iompróir fuinnimh) taobh leo sin a tugadh d'fhoinsí fuinnimh.

([8]) Úsáidtear an chatagóir seo chun gach beart fóirdheontais a aicmiú a bhfuil feidhm acu maidir le fuinneamh a tháirgtear as meascán de bhreosla iontaise agus foinsí ísealcharbóin nó ó fhoinse anaithnid.

bhfuair *foinsí fuinnimh in-athnuaite* ach 17 % d'fhóirdheontais fuinnimh in 2023 (laghdú ó 40 % in 2021 agus 22 % in 2022) de réir mar a d'éirigh fuinneamh in-athnuaite níos iomaíche faoi phraghsanna arda fuinnimh, rud a chuir laghdú ar an ngá atá le tacaíocht airgeadais ó ionstraimí dinimiciúla margadhbhunaithe; agus tugadh 15 % agus 1 % de na fóirdheontais uile, faoi seach, do *leictreachas* agus *d'fhuinneamh núicléach.*

Maidir le hionstraimí chun fóirdheontais fuinnimh a sholáthar, ba bhearta *tacaíochta ioncaim* éagsúla iad na bearta ba thábhachtaí fós, a chuimsíonn 42 % den iomlán (Figure 2, ar dheis). Ina dhiaidh sin bhí *aistrithe díreacha agus deontais* (29 %) agus *bearta cánach* (27 %). Is díol suntais é gur bhearta cánach an ionstraim ba mhó a úsáideadh chun tacú le breoslaí iontaise, agus go bhfuil tacaíocht in-athnuaite ag brath níos mó ar bhearta tacaíochta ioncaim.

Fíor 2: Dáileadh fóirdheontas de réir ionstraime


Catagóir	Gach saghas fuinnimh	Leictreachas	Breoslaí iontaise	Núicléach	Foinsí fuinnimh in-athnuaite	Iomlán
Aistrithe díreacha	17.3%	1.4%	6.8%	0.3%	2.7%	29%
Bearta cánach	5.0%	5.5%	14.0%	0.2%	2.0%	27%
Tacaíocht ioncaim/taca	12.1%	7.6%	10.3%	0.3%	12.2%	42%
Tearcphraghsáil	0%	0.03%	0.18%	0%	0%	0.2%
Tacaíocht T&F	1.2%	0.0%	0.1%	0.4%	0.4%	2.1%
Iomlán	36%	15%	31%	1.2%	17%	100%

Fíor 2: Dáileadh fóirdheontais de réir ionstraime (2023)
Foinse: Enerdata, Trinomics, 2024

2.1. Fóirdheontais de réir foinse / iompróir fuinnimh

In 2022, bhí suaitheadh ar threocht bheag anuas na **bhfóirdheontas breosla iontaise** ó 2019 – mar a cuireadh i dtábhacht i Figure 3 – mar iarmhairt dhíreach ar fhreagairt na hEorpa ar an ngéarchéim fuinnimh, ina raibh bearta fóirdheontais ar cheann de na príomhuirlisí chun éifeachtaí praghsanna arda fuinnimh ar theaghlaigh agus ar thionscail na hEorpa a fhrithéileamh.

Mar thoradh air sin, tháinig méadú níos mó ná faoi dhó ar fhóirdheontais iontaise idir 2021 agus 2022, ó EUR 60 billiún go EUR 136 bhilliún, agus tháinig laghdú -16 % orthu in 2023, go EUR 111 bhilliún. Tháinig méadú mór ar thacaíocht atá dírithe ar ghás nádúrtha agus ar bhreoslaí a dhíorthaítear ó amhola in 2022, dar luach EUR 49 agus 58 mbilliún faoi seach, i gcomparáid le 2021. Is iad na cúiseanna atá leis sin na lacáistí agus na laghduithe cánach éagsúla a bhfuil feidhm acu maidir le breoslaí bóthair, chomh maith leis na haistrithe díreacha agus na bearta tacaíochta ioncaim a thacaigh le húsáideoirí gáis nádúrtha agus úsáideoirí díosail/gásailín araon.




Fíor 3: Fóirdheontais breosla iontaise de réir veicteoir fuinnimh (EUR[9]*$_{2023}$billiún)*

*Foinse: Enerdata, Trinomics, 2024. * Áirítear le 'Eile' fóirdheontais atá dírithe ar gach breosla iontaise, agus teas ó fhoinsí iontaise. Áirítear leis na figiúirí sa ghraf caiteachas cánach nach féidir a chur i gcomparáid go díreach ar fud na dtíortha.*

Leanadh den tacaíocht láidir do tháirgí gáis nádúrtha agus ola in 2023, cé go raibh sí ar leibhéal níos ísle (EUR 40 agus 34 bhilliún, faoi seach), rud a léiríonn forbairt na bpraghsanna fuinnimh iontaise chomh maith leis an ról tábhachtach atá ag breoslaí iontaise i meascán fuinnimh AE27 fós.

Is treocht laghdaitheach atá fóirdheontais le haghaidh **foinsí fuinnimh in-athnuaite** a leanúint le blianta beaga anuas, mar a léirítear sna nithe seo a leanas Figure 4: thit siad sin ó EUR 89 mbilliún in 2020 go EUR 83 bhilliún (-7 % bliain ar bhliain) in 2021, EUR 68 mbilliún in 2022 (-18 % bliain ar bhliain) agus ar deireadh go EUR 61 bhilliún (-10 % bliain ar bhliain) in 2023. Ba mar gheall ar an méadú ar phraghsanna an mhargaidh leictreachais mórdhíola an meath sin go príomha, a raibh íocaíochtaí níos ísle faoi na hionstraimí tacaíochta foinsí fuinnimh in-athnuaite a chuireann breisiú ar fáil do phraghsanna margaidh mar thoradh air go huathoibríoch de réir mar a d'éirigh foinsí in-athnuaite níos iomaíche. Tháinig an laghdú ar fhóirdheontais le haghaidh fuinneamh in-athnuaite freisin in ainneoin an mhéadaithe ar thoilleadh giniúna foinsí fuinnimh in-athnuaite suiteáilte agus tacaithe – toisc nach bhfuil fóirdheontais ag teastáil a thuilleadh ó chuid den toilleadh nua sin chun dul in iomaíocht le foinsí fuinnimh eile.

[9]Lena n-áirítear fóirdheontais a sholáthraítear do leictreachas a ghintear go sainráite trí bhreoslaí iontaise a dhó.



Fíor 4: Fóirdheontais in-athnuaite de réir teicneolaíochta (EUR$_{2023}$billiún)
Foinse: Enerdata, Trinomics, 2024. NB: Léirítear meastacháin 2023 le haisteáil


Mar a léirítear arFigure 4, is mó i bhfad den sciar d'fhóirdheontais a fuair *grianfhuinneamh*, go stairiúil agus in 2023 (EUR 21 bhilliún), agus ina dhiaidh sin *bithmhais* (EUR 9 mbilliún) agus *cumhacht ghaoithe* (EUR 7 mbilliún). Fuair *hidreachumhacht* tacaíocht airgeadais imeallach (~EUR 1 bhilliún), agus tháinig méadú ar fhóirdheontais atá dírithe ar *theicneolaíochtaí in-athnuaite iomadúla* (amhail laghduithe cánach ar theicneolaíocht ghlas nó cabhair phoiblí do thionscadail infheistíochta) go EUR 23 bhilliún faoi 2023.

Lean an ghnáthionstraim chun fóirdheontais a sholáthar d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite *(foinsí fuinnimh in-athnuaite - féach* Figure 2*) de bheith ina dtaraifí ar sholáthar leictreachais agus ina bpréimheanna ar sholáthar leictreachais* nó *ina gConarthaí Difríochta*, arbh fhiú EUR 36 bhilliún iad uile (nó 60 % de na fóirdheontais foinsí fuinnimh in-athnuaite). Tháinig méadú faoi dhó nach mór ar *íocaíochtaí díreacha le táirgeoirí foinsí fuinnimh in-athnuaite* dar luach EUR 9 mbilliún in 2023, is dóichí gur de bharr tacaíocht dhíreach a bhí ag méadú le haghaidh táirgeadh foinsí fuinnimh in-athnuaite agus bonneagar leictreachais a cuimsíodh i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta na mBallstát an méadú sin den chuid is mó, chomh maith le tacaíocht mhéadaithe chun borradh a chur faoi fhuinneamh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh i dtéamh agus fuarú. Soláthraíodh an chuid eile d'fhóirdheontais foinsí fuinnimh in-athnuaite trí bhearta cánach, chomh maith le cuótaí foinsí fuinnimh in-athnuaite agus ionstraimí eile (EUR 7 agus 9 mbilliún, faoi seach).

Tá éagsúlacht mhór sna Ballstáit maidir le tacaíocht a thabhairt do theicneolaíochtaí in-athnuaite éagsúla, rud a léiríonn meascáin fuinnimh náisiúnta, tosaíochtaí agus acmhainneacht foinsí fuinnimh in-athnuaite áitiúil araon (Figure 5). Fuair grianfhuinneamh os cionn 50 % d'fhóirdheontais foinsí fuinnimh in-athnuaite i 9 mBallstát ([10]), agus is cuid shubstaintiúil d'fhóirdheontais foinsí fuinnimh in-athnuaite sa Bheilg, sa Chróit agus sa Pholainn í an chumhacht ghaoithe. Tugtar lear mór fóirdheontas don *bhithmhais* sna réigiúin Nordacha agus Bhaltacha, agus is cosúil gur ghlac trí Bhallstát (an Laitvia, Lucsamburg agus an tSlóvaic) beartais tacaíochta foinsí fuinnimh in-athnuaite atá

([10]) An Bhulgáir, an Chipir, an Ghréig, Málta, an Ungáir, an tSlóivéin, an tSeicia, an Iodáil agus an Spáinn.

neodrach- ó thaobh na teicneolaíochta de a bhfuil feidhm acu maidir le gach cineál fuinnimh in-athnuaite.




Fíor 5: Sciar na bhfóirdheontas foinsí fuinnimh in-athnuaite de réir teicneolaíochta i mBallstáit (%)

Foinse: Enerdata, Trinomics, 2024

Tháinig laghdú ar fhóirdheontais le haghaidh **fuinneamh núicléach** ó EUR 7,9 billiún in 2021 go 3,7 billiún in 2022 agus 4,1 billiún in 2023. As na 14 Bhallstát a sholáthair fóirdheontais núicléacha, ba ag an bhFrainc a bhí an sciar ba mhó (EUR 2,9 billiún) agus ina dhiaidh sin an Ghearmáin (EUR 0,8 billiún), an Spáinn agus an Bheilg (EUR 0,1 billiún an tír). Is é is cúis leis an téarnamh a chonacthas in 2023 den chuid is mó méadú ar íocaíochtaí acmhainneachta arna ndéanamh ag rialtas na Fraince chun teorainn a chur leis an méadú ar tharaifí leictreachais, lena méadaítear beagnach an méid a soláthraíodh in 2022 faoi dhó (+ 97 % go EUR 1,1 billiún).

2.2. Fóirdheontais de réir an chuspóra eacnamaíoch

Cé gur tháinig laghdú ar mhéid iomlán na bhfóirdheontas fuinnimh in 2023 i gcomparáid le 2022, ní raibh athrú mór sna catagóirí de réir chuspóir eacnamaíoch na bhfóirdheontas sin (Figure 6).




Fíor 6: Fóirdheontais fuinnimh de réir cuspóir eacnamaíoch (EUR$_{2023}$billiún)

Foinse: Enerdata, Trinomics, 2024. NB: Léirítear meastacháin 2023 le haisteáil

Bhí tacaíocht airgeadais a bhí dírithe ar *an éileamh ar fhuinneamh* ([11]) fós ar an gcatagóir ba mhó (62 % den iomlán) dar luach EUR 213 bhilliún in 2023. Tháinig méadú eile ar thacaíocht do bhearta *éifeachtúlachta fuinnimh*, faoi 30 % i gcomparáid le 2022, go EUR 44 bhilliún in 2023, agus tháinig laghdú ar fhóirdheontais i ngach catagóir eile: faoi 37 % go EUR 8,8 billiún maidir le *forbairt bonneagair*, faoi 14 % go EUR 75 billiún maidir le *táirgeadh fuinnimh* agus faoi 1 % go EUR 7,4 billiún maidir le *T&F*.

Trí dhíriú ar **fhóirdheontais a thacaíonn leis an éileamh ar fhuinneamh,** arb é is aidhm dóibh teorainn a chur le costais an tomhaltais fuinnimh, is féidir leo aghaidh a thabhairt ar raon leathan earnálacha eacnamaíocha, ó thionscail atá dian ar fhuinneamh go teaghlaigh. Go dtí 2021, soláthraíodh tacaíocht *don éileamh ar fhuinneamh* beagnach go heisiach trí bhearta cánach (mar shampla laghduithe cánach, díolúintí agus aisíocaíochtaí) agus bhí siad tábhachtach fós in 2023, ag iad dar luach EUR 80 billiún. Le linn na géarchéime, áfach, tháinig méadú ar an tábhacht a bhaineann le bearta malartacha amhail *rialáil praghsanna* do thomhaltóirí agus *deontais dhíreacha* agus faoi 2023, shroich fóirdheontais don éileamh ar fhuinneamh a chomhfhreagraíonn don dá chatagóir sin EUR 88 agus 37 mbilliún, faoi seach.

([11]) E.g. tacú le húsáid fuinnimh trína chostais a laghdú.



Fíor 7: Fóirdheontais ag tacú le héileamh ar fhuinnimh de réir ionstraime (EUR$_{2023}$billiún)

Foinse: Enerdata, Trinomics, 2024. NB: Léirítear meastacháin 2023 le haisteáil

Áirítear sa chatagóir 'Eile' aistrithe díreacha (seachas deontais), tacaíochtaí ioncaim nó tacaíochtaí do phraghsanna (seachas ráthaíochtaí praghais do thomhaltóirí) agus tearcphraghsáil ar thacaíochtaí earraí/seirbhísí.


Tá méadú mór tagtha **ar fhóirdheontais le haghaidh bearta éifeachtúlachta fuinnimh,** a thacaíonn le billí fuinnimh níos ísle agus leis an aistriú saor ó charbón araon, ó bhí 2015 ann agus bhí EUR 44 bhilliún sroichte faoi 2023. Ba iad na *deontais* an ionstraim tacaíochta ba mhó le haghaidh infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh, arbh fhiú EUR 32 bhilliún iad nó 70 % de na fóirdheontais éifeachtúlachta fuinnimh uile in 2023, mar gheall ar chur chun feidhme na n-infheistíochtaí sa tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. I ndiaidh na ndeontas, bhí *bearta cánach* (EUR 7 mbilliún), *iasachtaí ar lacáiste* agus *oibleagáidí éifeachtúlachta fuinnimh* (EUR 3 bhilliún araon).

2.3. Fóirdheontais atá nasctha leis an ngéarchéim fuinnimh

Tá an Coimisiún Eorpach ag obair le Ballstáit chun dul i ngleic leis an ngéarchéim fuinnimh, lena n-áirítear trí phlean REPowerEU a ghlacadh ([12]). Áiríodh leis sin oibriú chun: (i) soláthairtí fuinnimh malartacha a dhaingniú; (ii) éileamh ar fhuinnimh a laghdú chun an t-easnamh i seachadtaí gáis na Rúise a chúiteamh; (iii) úsáid níos fearr a bhaint as foinsí fuinnimh in-athnuaite; agus (iv) éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú. Mar aon le bearta cur chun feidhme a tugadh isteach ar leibhéal an Aontais nó ar cumasaíodh iad leis na creataí ar leibhéal an Aontais, ghlac Ballstáit freisin le bearta náisiúnta chun a saoránaigh agus a ngeilleagar a chosaint ó phraghsanna fuinnimh a bhfuil damáiste á dhéanamh acu

Trí na bearta náisiúnta sin, sholáthair na Ballstáit fóirdheontais fuinnimh arbh fhiú EUR 187 mbilliún iad in 2022 agus EUR 145 bhilliún in 2023, arbh fhiú 45 % agus 40 % de na fóirdheontais fuinnimh iomlána iad, faoi seach (Figure 8). Léiríonn réamhfhigiúirí le haghaidh 2024 laghdú mór ar an tacaíocht ghéarchéime go EUR 78 mbilliún, ós rud é go rachaidh formhór na bhfóirdheontas géarchéime in éag roimh 2025 (féach freisin roinn 2.6).


([12]) REPowerEU: Fuinneamh inacmhainne, slán agus inbhuanaithe don Eoraip



Fíor 8: Fóirdheontais struchtúracha agus fóirdheontais a bhaineann le géarchéim fuinnimh (ar chlé); sciar na bhfóirdheontas géarchéime i bhfóirdheontais fuinnimh iomlána (ar dheis, %)

Foinse: Enerdata, Trinomics, 2024. Tá na figiúirí le haghaidh 2024 bunaithe ar réamhshonraí.


Léirítear i Figure 9 go raibh formhór na bhfóirdheontas géarchéime **spriocdhírithe** earnála dírithe ar *theaghlaigh* (EUR 65 bhilliún in 2022 agus 52 bhilliún in 2023), agus *tionscal* agus *iompar* ina dhiaidh sin (EUR 29 mbilliún in 2022-23 faoi seach), agus go bhfuair earnálacha eile, amhail *tionscal nó gnólachtaí fuinnimh*, i bhfad níos lú (EUR 18 mbilliún agus 16 bhilliún ar an iomlán, faoi seach). Soláthraíodh EUR 64 bhilliún trí fhóirdheontais **neamh-spriocdhírithe** nó trasearnála.



Fíor 9: Dáileadh fóirdheontas lena dtugtar aghaidh ar an ngéarchéim fuinnimh (EUR_{2023}billiún)

Foinse: Enerdata, Trinomics, 2024

Is iad seo na tréithe a bhí gceist le géarchéim fuinnimh 2021-2022 den chuid is mó - méaduithe tobanna móra ar phraghas an *leictreachais*, an *gháis nádúrtha* agus, ar bhonn níos lú, ar phraghas *amhola* agus ar phraghas na dtáirgí scagtha. Tháinig an méadú ba mhó ar an tacaíocht a tugadh don *leictreachas* agus shroich sí EUR 59 mbilliún in 2022 agus d'fhan sí ar an leibhéal céanna go bunúsach in 2023, d'ainneoin titim mhór ar phraghsanna leictreachais mórdhíola agus miondíola (Figure 10, ar chlé). Bhí fóirdheontais eisceachtúla le haghaidh gás nádúrtha (Figure 10, lár) i bhfad níos ísle (EUR 29 mbilliún in 2022), ach d'fhan siad ar an leibhéal céanna in 2023, d'ainneoin praghsanna gáis mórdhíola níos ísle.



Fíor 10: Fóirdheontais ghéarchéime de réir an iompróra fuinnimh (ar chlé) i gcomparáid le hathruithe ar phraghsanna (ar dheis, %)

NB: Comhfhreagraíonn an ais chlé do mhéid na bhfóirdheontas fuinnimh a bhaineann le géarchéim (in EUR 2023 billiún) agus an ais dheas d'fhorbairt spotphraghsanna (innéacsaithe le 2019). Comhfhreagraíonn praghsanna leictreachais agus gáis do mheán-spotphraghsanna bliantúla don Ghearmáin (tharla forbairt cosúil leis sin i dtíortha eile san Aontas Eorpach). Cuireadh meánphraghsanna bliantúla Brent san áireamh le haghaidh ola.

Tá cás difriúil i gceist le hamhola (Figure 10, ar dheis), toisc nár tháinig méadú ar phraghsanna tagarmhairc Brent chomh mór céanna le praghsanna gáis agus leictreachais. Shroich tacaíocht eisceachtúil le haghaidh ola EUR 33 bhilliún in 2022, ach, i gcodarsnacht le leictreachas agus gás, tháinig laghdú ar an gcabhair sin go géar in 2023, go EUR 6 bhilliún, de réir mar a tháinig laghdú ar phraghsanna ola sna margaí domhanda agus cuireadh deireadh le bearta tacaíochta eisceachtúla a bhí spriocdhírithe ar tháirgí ola (e.g. laghdú CBL ar bhreosla bóthair).

2.4. Fóirdheontais de réir earnáil eacnamaíoch

Go stairiúil, ba é an *tionscal fuinnimh* ([13]) an earnáil eacnamaíoch ba mhó dár tugadh fóirdheontas: idir 2015 agus 2020, thairbhigh sé de níos mó ná leath na bhfóirdheontas fuinnimh uile (Figure 11). Ina dhiaidh sin bhí *tionscal*, *teaghlaigh agus iompar*.


In 2022 tháinig méadú ar mhéid na bhfóirdheontas fuinnimh atá dírithe ar *theaghlaigh* ó EUR 34 bhilliún in 2021 go EUR 109 mbilliún in 2022 (+ 240 %). Mhéadaigh an tacaíocht don earnáil *iompair* go EUR 40 billiún, agus shroich *tionscal* EUR 50 billiún. I gcodarsnacht leis sin, d'fhás fóirdheontais don *tionscal fuinnimh* faoi 5 % go EUR 112 bhilliún, agus thit a sciar d'fhóirdheontais fuinnimh iomlána ó ~50 % go 27 % in 2022.

In 2023, d'fhan fóirdheontais fuinnimh do *theaghlaigh* cobhsaí ag EUR 106 bhilliún, agus tháinig laghdú ar fhóirdheontais fuinnimh d'earnálacha *iompair*, *tionscail* agus an *tionscail fuinnimh*, go EUR 20 billiún, 32 bhilliún agus 92 bhilliún, faoi seach. Bhí na méideanna a leithdháileadh ar earnálacha *treasacha* ([14]) agus *talmhaíochta* níos lú (EUR 14 bhilliún

([13]) Cumhdaíonn an téarma seo eastóscadh, tiontú, scagadh, bonneagar, tarchur, dáileadh, stóráil, bainistiú dramhaíola agus miondíol fuinnimh. Go hachomair, an tionscal fuinnimh.

([14]) Cumhdaíonn an earnáil threasach na hearnálacha seirbhísí poiblí agus gnó.

agus 11 bhilliún, faoi seach), arbh fhiú 7 % de na fóirdheontais fuinnimh iomlána in 2023 iad le chéile.




Fíor 11: Fóirdheontais fuinnimh de réir earnáil eacnamaíoch (EUR$_{2023}$billiún)

Foinse: Enerdata, 2024. NB: Léirítear meastacháin 2023 le haisteáil

Nuair a bhreathnaítear ar fhorbairt na **bhfóirdheontas breosla iontaise a dháiltear de réir earnáil eacnamaíoch** (Figure 12), is é is cúis le méadú 2022 den chuid is mó méaduithe móra ar fhóirdheontais d'earnáil an *tionscail fuinnimh* (EUR + 23 bhilliún) agus do *theaghlaigh* (EUR + 16 bhilliún) chun éifeachtaí ghéarchéim na bpraghsanna fuinnimh a fhrithéileamh. Tháinig laghdú ar thacaíocht breosla iontaise atá inchurtha go díreach i leith *tionscail* in 2022, cé go bhféadfadh sé gur aistríodh é sin isteach sa chatagóir 'Gach fuinneamh' toisc go raibh tacaíocht leictreachais agus gáis comhcheangailte in go leor beart tionscail.


Is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil an leibhéal tacaíochta do dhá earnáil, an *tionscal Iompair agus Fuinnimh*, tar éis filleadh go tapa ar na leibhéil stairiúla a bhí ann roimh an ngéarchéim in 2023, agus cineál sealadach na mbeart gaolmhar á chur i dtábhacht. I gcodarsnacht leis sin, tá tacaíochtaí *Teaghlach* agus *Trasearnála* fós an-tábhachtach in 2023 i gcomparáid lena luachanna stairiúla, rud a léiríonn moill ar phraghsanna fuinnimh mórdhíola níos ísle a chur ar aghaidh chuig billí miondíola agus, dá bhrí sin, go bhfuil gá le tacaíocht leanúnach níos faide.



Fíor 12: Fóirdheontais breosla iontaise de réir earnáil eacnamaíoch (2015-2023; EUR 2023 billiún

Foinse: Enerdata, 2024. *Áirítear le 'eile' an earnáil tógála, an earnáil seirbhísí, an earnáil phoiblí, agus an earnáil mianadóireachta. NB: Léirítear meastacháin 2023 le haisteáil

Léirítear san anailís ar **fhóirdheontais fuinnimh do theaghlaigh** go raibh sé i gceist le 60 % den tacaíocht fuinnimh teaghlaigh le linn na tréimhse 2021-2023 tionchar na bpraghsanna fuinnimh a bhí ag ardú a fhrithéileamh agus gur féidir é a nascadh go díreach leis an ngéarchéim fuinnimh. Thairis sin, mar a léirítear i Figure 13, níor díríodh an chuid is mó den tacaíocht sin (EUR 65 bhilliún nó 61 % in 2023) ar aon fhoinse fuinnimh shonrach — a chuirtear in iúl mar 'Gach fuinneamh' ar an ngraf. Leithdháileadh EUR 25 bhilliún (22 %) ar bhreoslaí iontaise (gás nádúrtha den chuid is mó) in 2023, cé nach bhfuair leictreachas agus foinsí fuinnimh in-athnuaite ach EUR 13 bhilliún (12 %) agus EUR 2,4 billiún (2 %) faoi seach. I ndáil leis sin, cé go raibh teaghlaigh á gcosaint go héifeachtach ar mhéaduithe tobanna, bhí na fóirdheontais sin ag laghdú na gcomharthaí praghais a tháinig ó na margaí fuinnimh.



Fíor 13: Comhdhéanamh na bhfóirdheontas fuinnimh a soláthraíodh do theaghlaigh (EUR$_{2023}$billiún)

Foinse: Enerdata, Trinomics, 2024

Tá nasc idir an chúis atá le dáileadh na bhfóirdheontas ar theaghlaigh agus an fíoras gur thacaigh tromlach mór na bhfóirdheontas fuinnimh teaghlaigh le tomhaltas fuinnimh: 80 % in 2022 (EUR 87 mbilliún) agus 71 % in 2023 (EUR 75 bhilliún). An tráth céanna, ní bhfuair bearta éifeachtúlachta fuinnimh do theaghlaigh (a bheadh i bhfabhar leictriú, táirgeadh agus stóráil áitiúil foinsí fuinnimh in-athnuaite) ach EUR 21 bhilliún in 2022 agus EUR 29 mbilliún in 2023.

2.5. Fóirdheontais de réir a dtionchar ar an gcomhshaol

Déantar iarracht sa tuarascáil seo an chéad mheasúnú cuimsitheach a chur ar fáil ar *fhóirdheontais fuinnimh* san Aontas maidir lena dtionchar ar an gcomhshaol. Sa chomhthéacs sin, glacadh an sainmhíniú seo a leanas:

Bíonn fóirdheontais fuinnimh díobhálach don chomhshaol má tharlaíonn sé mar gheall ar an bpraghas nó ar an laghdú costais a bhaineann leo go gcoinnítear ar bun infhaighteacht nó úsáid foinsí fuinnimh a mbíonn tionchair dhiúltacha mhóra acu ar an gcomhshaol nó go gcuirtear leo.


Tá an téarma '*tionchair dhiúltacha mhóra ar an gcomhshaol'* bunaithe ar Rialachán an Aontais maidir le Tacsanomaíocht, inar díríodh ar an dá chuspóir aeráide, is é sin (1) maolú ar an athrú aeráide, agus (2) oiriúnú don athrú aeráide. Beidh gá le hobair bhreise sna chéad eagráin eile den tuarascáil seo chun measúnú a dhéanamh ar na ceithre chritéar comhshaoil eile sa Rialachán maidir le Tacsanomaíocht.

Mar is léir i Figure 14, aicmíodh formhór na bhfóirdheontas fuinnimh in 2023, EUR 218 mbilliún (nó 62 % den iomlán) mar *fhóirdheontais nach raibh díobhálach don chomhshaol,* agus measadh gurb é EUR 136 bhilliún (38 % den iomlán) méid na bhfóirdheontas *atá díobhálach don chomhshaol.* Ba iad na fóirdheontais fuinnimh a measadh a bheith díobhálach don chomhshaol na fóirdheontais sin a bhain le breoslaí iontaise (74 %) den chuid is mó, agus ina dhiaidh sin an chatagóir 'gach fuinneamh' (21 %) ([15]), teas (3 %) agus leictreachas (2 %)([16]).

Tá fóirdheontais ann a aicmítear mar 'fhóirdheontas breosla iontaise' agus 'nach bhfuil díobhálach don chomhshaol' – bíonn siad sin nasctha de ghnáth le bearta amhail an costas a bhaineann le dúnadh gléasraí cumhachta gualbhreoslaithe a chumhdach, le hiar-láithreáin mhianadóireachta a athshlánú nó le bearta sóisialta.

([15]) Mura raibh fóirdheontais fuinnimh dírithe ar aon iompróir fuinnimh sonrach (i.e. 'gach fuinneamh'), úsáideadh meáchan na mbreoslaí iontaise i meascán fuinnimh gach Ballstáit, arna shloinneadh mar %, bunaithe ar shonraí Eurostat le haghaidh 2022, chun an chuid atá díobhálach don chomhshaol a chinneadh.

([16]) Meastar nach bhfuil formhór mór na bhfóirdheontas don *leictreachas* díobhálach. Eisceacht atá ann nuair atá nasc soiléir idir an fóirdheontas agus leictreachas a ghintear ó fhoinsí breosla iontaise.




Fíor 14: Fóirdheontais fuinnimh de réir a dtionchar ar an gcomhshaol (EUR$_{2023}$billiún)

Foinse: Enerdata, Trinomics, 2024. NB: Léirítear meastacháin 2023 le haisteáil

2.6. Pleananna náisiúnta maidir le fóirdheontais breosla iontaise

In 2023, bhí dáta deiridh roimh 2025 beartaithe do 43 % d'fhóirdheontais breosla iontaise (EUR 48 mbilliún) agus bhí dáta deiridh sa mheántéarma beartaithe do 9 % eile (EUR 10 mbilliún) e.g. idir 2026 agus 2030 (Figure 15). Den 48 % d'fhóirdheontais breosla iontaise atá fágtha (EUR 53 billiún), níl aon dáta deiridh socraithe go fóill nó tá an dáta deiridh socraithe am éigin tar éis na bliana 2030.([17]).



Fíor 15: Fóirdheontais breosla iontaise de réir an dáta deiridh, sciar de na fóirdheontais breosla iontaise iomlána (%, 2023)


Foinse: Enerdata, Trinomics, 2024

Ní sholáthraíonn go leor Ballstát dátaí deiridh na mbeart fóirdheontais fuinnimh, go háirithe dóibh siúd atá leabaithe ina gcód cánach, ina ndlí airgeadais nó ina mbuiséad náisiúnta. Áirítear i roinnt beart íostréimhse lena mbeidh an fóirdheontas i bhfeidhm, ach is iondúil gur sa todhchaí a fhágtar an cinneadh maidir le leanúint den fhóirdheontas thar

([17]) Tá an anailís bunaithe ar iarscríbhinní VIII agus XV, atá tugtha cothrom le dáta, de na dréacht-tuarascálacha náisiúnta fuinnimh agus aeráide ar dhul chun cinn, chomh maith leis an eolas is déanaí nó fógraí atá ar fáil go poiblí.

an íostréimhse. Nuair a fhógraítear dátaí deiridh, baineann siad sin le bearta géarchéime gearrthéarmacha go minic, seachas leis na bearta ‘struchtúracha’ fadtéarmacha.

Tá sé beartaithe ag beagnach gach Ballstát den Aontas Eorpach imeacht ó bhreoslaí iontaise. Mar sin féin, d’fhéadfadh sé sin a bheith ina fhadhb i roinnt acu, go háirithe i gcás ina bhfuil an tacaíocht breosla iontaise, i gcomparáid lena OTI, sách ard (Figure 16).



Fíor 16: Fóirdheontais breosla iontaise i gcomparáid le OTI (%, 2015 agus 2023)

Foinse: Enerdata, Trinomics, 2024

Chun a bheith comhsheasmhach le huaillmhian chomhchoiteann aeráide an Aontais, is gá deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais breosla iontaise, ach is í an Danmhairg amháin a d’aistrigh an rún sin isteach i reachtaíocht choincréiteach. Is léir ón bhfaisnéis atá ar fáil faoi láthair maidir le dátaí deiridh na bhfóirdheontas sin nach bhfuil an tAontas ar an mbóthar ceart chun deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais breosla iontaise i gcomhréir lena uaillmhianta aeráide. Ag glacadh leis go gciallaíonn dáta deiridh a bheith in easnamh go mbeidh an fóirdheontas i bhfeidhm fós, tá baol ann agus é ag méadú go mbeidh neamhréireacht ann le huaillmhian aeráide an Aontais rud a mhéadóidh le himeacht ama agus muid ag druidim le 2050. Tá níos mó iarrachta agus níos mó trédhearcachta ó na Ballstáit ríthábhachtach chun gealltanas a thabhairt deireadh a chur le tacaíocht breosla iontaise.

3. CONCLÚIDÍ

Mar gheall ar an ngéarchéim fuinnimh le déanaí, is gá tionscnaimh bheartais chróga a ghlacadh san Aontas Eorpach chun tionchar sóisialta agus eacnamaíoch na géarchéime fuinnimh a mhaolú. Bhí tionchar mór ag na bearta eisceachtúla sin chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim fuinnimh ar na treochtaí maidir le fóirdheontais fuinnimh, rud a d’aisiompaigh go sealadach an treocht a bhí ag dul i laghad le déanaí maidir le fóirdheontais breosla iontaise, agus tháinig laghdú mór ar fhóirdheontais foinsí fuinnimh in-athnuaite mar thoradh ar chostais níos ísle agus ar phraghsanna fuinnimh níos airde de réir mar a d’éirigh siad níos iomaíche. Rinne an méadú a tháinig le déanaí ar phraghsanna fuinnimh difear freisin do na cineálacha beart a úsáidtear chun na fóirdheontais a sholáthar, do na teicneolaíochtaí a chuirtear chun cinn, agus do na hearnálacha a ndírítear orthu le fóirdheontais; rud a d’fhág gur tháinig méadú mór ar fhóirdheontais teaghlaigh agus trasearnála ó bhí 2022 ann.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, in ainneoin comharthaí praghais a lagú agus na dreasachtaí míchearta a sholáthar d'úsáid fuinnimh, nár tháinig méadú ar thomhaltas fuinnimh i ndearbhthéarmaí mar thoradh ar fhóirdheontais fuinnimh mhéadaithe. Bhain an tAontas laghdú 18 % amach ar an éileamh ar ghás le linn na tréimhse ó Lúnasa 2022 go dtí Bealtaine 2024, rud a d'fhág gur sábháladh thart ar 138 mbilliún méadar ciúbach de ghás ([18]). Is torthaí comhcheangailte é an coigilteas sin ar iarrachtaí na mBallstát, na ngnólachtaí agus na saoránach, arna gcomhordú ag gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais ([19]), a chuidigh le ganntanais soláthair a sheachaint agus le slándáil an tsoláthair a áirithiú. Mar sin féin, mar a léirítear sa tuarascáil, leanann fóirdheontais le haghaidh fuinneamh iontaise allmhairithe d'ualach trom a chur ar gheilleagair na hEorpa agus dreasachtaí le haghaidh úsáid fuinnimh a shaobhadh, ar bhealaí atá díobhálach don chomhshaol go minic.

Sainaithnítear mar thosaíocht ag an gCoimisiún nua tacaíocht breosla iontaise a laghdú, a athchóiriú nó a dhíothú. Luadh go sainráite sa litir mhisin chuig an gCoimisinéir Jørgensen ([20]) an gá atá le creat a chruthú chun úsáid fóirdheontas breosla iontaise a laghdú a thuilleadh agus deireadh a chur leo de réir a chéile mar chuid den obair chun spleáchais na hEorpa a laghdú. Is gá an creat sin a bheith ina chuid d'iarracht choiteann idir an Coimisiún Eorpach agus na Ballstáit chun spleáchais na hEorpa ar bhreoslaí iontaise allmhairithe agus ar idirghabhálacha poiblí costasacha chun úsáideoirí fuinnimh a chosaint ar phraghsanna luaineacha a laghdú, chun an t-aistriú chuig geilleagar Eorpach glan iomaíoch a éascú.

Ba léiriú é an méadú tobann a tháinig ar fhóirdheontais fuinnimh in 2022 ar an tosaíocht ghearrthéarmach tomhaltóirí an Aontais a chosaint ar an turraing ó bhillí fuinnimh. Tá sé tábhachtach anois nach gcuirfí síneadh leis na bearta sealadacha a thacaíonn le breoslaí iontaise agus leis an éileamh ar fhuinneamh, toisc go bhféadfadh tionchair dhiúltacha fhadtéarmacha a bheith aige sin, trí dhreasachtaí margaidh a laghdú maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus infheistíochtaí fuinnimh in-athnuaite agus trí spleáchais ar bhreosla iontaise i dteaghlaigh agus in earnálacha dianfhuinnimh a ghaibhniú a thuilleadh. Ina theannta sin, beidh an tacaíocht uile-Aontais atá ag fás go leanúnach d'infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh ríthábhachtach chun sprioc 2030 an Aontais don éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach agus, ar deireadh, méadóidh sí ár slándáil fuinnimh agus laghdóidh sí ár spleáchas ar bhreoslaí iontaise allmhairithe.

Tá an tAontas ag tabhairt go cinntitheach faoi aistriú fuinnimh chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. Faoin reachtaíocht Eorpach, tá comhaontú ann deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais breoslaí iontaise. Má chaitear cistí poiblí ar dhreasachtaí a ghabhann in aghaidh an aistrithe, cuirfear moill ar an aistriú agus beidh sé níos costasaí. Ba cheart do choigilteas fuinnimh agus spleáchas laghdaithe ar bhreoslaí iontaise sna hearnálacha cónaithe, cumhachta, iompair agus tionsclaíocha cuidiú leis an Aontas ar bhealaí éagsúla: (i) allmhairí breoslaí iontaise a laghdú; Dlús a chur leis an aistriú chuig fuinneamh glan; agus (iii) feabhas a chur ar shlándáil sholáthar fuinnimh an Aontais. Ba cheart dá bhrí sin laghdú ar fhóirdheontais breosla iontaise a bheith de thoradh an aistrithe fuinnimh, agus atreorú mór i dtacaíocht fóirdheontais chuig foinsí fuinnimh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh.

([18]) Comparáid a dhéanamh idir tomhaltas gáis sa tréimhse idir Lúnasa 2022 – Bealtaine 2024 leis an meán 5 bliana [Foinse: 'Eurostat (nrg_cb_gasm)']

([19]) Amhail na bearta comhordaithe maidir le laghdú ar éileamh ar ghás.

([20]) Tagairt: Litir mhisin chuig Dan Jørgensen, an Coimisinéir um Fhuinneamh agus Tithíocht..

Cé go bhfuil feabhas mór tagtha ar an staid ar mhargaí fuinnimh domhanda agus Eorpacha ó bhí 2022 ann, tá praghsanna fuinnimh (amhail gás nádúrtha) fós i bhfad níos airde ná mar a bhí roimhe seo agus tá tionchar diúltach acu ar iomaíochas tionsclaíoch na hEorpa agus ar chaiteachas fuinnimh teaghlaigh araon. Ba cheart gur cúis eile fós a bheadh ansin chun teicneolaíochtaí breosla iontaise a ionadú le réitigh níos inbhuanaithe agus chun meath mór ar thomhaltas breoslaí iontaise (agus a bhfóirdheontais) a bhaint amach sa mheántéarma. B'fhéidir go mbeadh breithnithe beartais don inacmhainneacht fuinnimh ina n-údar le bearta sealadacha chun tacú le teaghlaigh agus leis an tionscal. Mar sin féin, ní éireoidh leis an aistriú fuinnimh ach amháin má mhéadaítear teicneolaíochtaí ísealcharbóin agus in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh go tapa; dá bhrí sin, tá sé fíor-riachtanach tacaíocht a atreorú níos mó agus níos mó ó fhóirdheontais breosla iontaise atá díobhálach don chomhshaol.

Mar a léiríodh cheana féin i measúnú an Choimisiúin ar na dréachtphleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide (21), tá gá le hiarracht chomhchoiteann ó na Ballstáit uile chun míniú a thabhairt ar an gcaoi a bhfuil sé beartaithe acu deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais breosla iontaise agus amlíne shoiléir inchreidte a leagan síos chun deireadh a chur leo go pras, agus na bearta coimhdeacha is gá á nglacadh chun teaghlaigh leochaileacha a chosaint agus chun an t-iomaíochas a chosaint.

([21]) COM(2023) 796 final